C/2024/575

12.1.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/575)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Landwein der Saar'

PGI-DE-A1289-AM01

Dáta na teachtaireachta: 19.10.2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. Tuairisc ar na hathruithe

a) *Tuairisc ar an bhfíon/ar na táirgí fíniúna agus saintréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha a bhaineann leis/leo*

Liostaítear neart alcóil nádúrtha íosta agus meáchan úrfhíona nádúrtha íosta 'Landwein der Saar' faoi phointe ar leithligh. Níor athraíodh an t-ábhar. Cuireadh an abairt seo a leanas maidir le cuntasaíocht siléir isteach ar mhaithe le soiléiriú: 'Ní mór an meáchan úrfhíona sa choimeádán coipthe a dhoiciméadú.'

Soláthraítear tuairisc orgánaileipteach ar na táirgí éagsúla freisin.

b) *Críochú an limistéir*

Leasaíodh an críochú ar limistéar TGFC 'Landwein der Saar'.

Liostaíodh na bardais aonair, lena n-áirítear na haonaid chadastracha.

Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar léarscáileanna thuasluaite ar a dtaispeántar na fíonghoirt sna bardais, agus iad críochaithe de réir na dáileachta. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Leasaíodh an limistéar ina bhféadfar Landwein a tháirgeadh. Go dtí seo, níorbh fhéidir 'Landwein der Saar' a tháirgeadh ach amháin i limistéar saothrúcháin na Sáire. Rinneadh na rialacha i ndáil leis sin a ailíniú le ceanglais dlí agus ceadaítear anois 'Landwein der Saar' a tháirgeadh i limistéar difriúil den stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird:

'Féadfar Landwein a tháirgeadh i limistéar seachas réigiún táirgeachta Landwein inar buanadh na fíonchaora agus a shonraítear sa lipéadú, ar choinníoll go bhfuil an limistéar táirgeachta lonnaithe sa stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird.'

c) *Cineálacha fíonchaor*

Go dtí seo, liostaíodh na cineálacha fíonchaor a leanas faoi phointe 7 (a bheidh mar phointe 8 amach anseo) den tsonraíocht táirge:

Fíonta geala

Arnsburger, Auxerrois, Bacchus, Bronner, Chardonnay, Ehrenbreitsteiner, Ehrenfelser, Faberrebe, Findling, Gelber Muskateller, Goldriesling, Grauer Burgunder, Grüner Veltliner, Huxelrebe, Johanniter, Juwel, Kerner, Kernling, Merzling, Morio-Muskat, Müller Thurgau, Muskat-Ottonel, Optima, Ortega, Perle, Phoenix, Prinzipal, Regner, Reichensteiner, Rieslaner, Roter Elbling, Roter Muskateller, Roter Traminer, Saphira, Sauvignon Blanc, Scheurebe, Schönburger, Solaris, Weißer Burgunder, Weißer Elbling, Weißer Riesling.

Fíon dearg agus fíon rosé

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Accent, Acolon, Blauer Frühburgunder, Blauer Limberger, Blauer Portugieser, Blauer Spätburgunder, Bolero, Cabernet Cortis, Cabernet Cubin, Cabernet Dorio, Cabernet Dorsa, Cabernet Mitos, Cabernet Sauvignon, Dakapo, Domina, Dornfelder, Dunkelfelder, Merlot, Müllerrebe, Prior, Regent, Rondo, Rubinet, Saint-Laurent, Syrah.

LEASUITHE

Amach anseo, is éard a bheidh sna ceannteidil 'cineálacha fíonchaor geal' agus 'cineálacha fíonchaor dearg' in ionad 'fíonta geala' agus 'fíonta dearga agus rosé'.

- Cuireadh na cineálacha a leanas leis:

Cineálacha fíonchaor geal:

'Adelfränkisch, Albalonga, Arinto, Cabernet Blanc, Calardis Blanc, Chenin Blanc, Donauriesling, Felicia, Fernão Pires, Fidelio, Gelber Kleinberger, Gelber Orleans, Gm 4-46, Gm 6414-17, Gm 9224-2, Gm 9337-1, Gm 9620-5, Goldmuskateller, Grüner Silvaner, Grünfränkisch, Gutenborner, Helios, Hibernal, Muscaris, Pamina, Rinot, Rosé Chardonnay, Roter Gutedel, Roter Müller-Thurgau, Roter Riesling, Roter Veltliner, Sauvignac, Sauvignon Gris, Sauvitage, Savagnin Blanc, Siegerrebe, Souvignier Gris, Viognier, Weißer Gutedel, Weißer Heunisch, We 86-708-86.'

Cineálacha fíonchaor dearg:

'Allegro, Baron, Blauer Affenthaler, Blauer Elbling, Blauer Trollinger, Blauer Zweigelt, Cabernet Bordo, Cabernet Franc, Cabernet Jura, Cabertin, Divico, Gamay Noir, Grenache noir, Hartblau, Kleiner Fränkischer Burgunder, Lagrein, Laurot, Monarch, Nebbiolo, Palas, Pinotin, Pinot Nova, Piroso, Primitivo, Reberger, Satin Noir, Schwarzer Elbling, Schwarzer Urban, Süßschwarz, Tempranillo, Touriga nacional, VB 91-26-5.'

Baineadh na cineálacha a leanas den liosta:

Fíon geal:

'Merzling'

d) *Ceanglais eile arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC*

Coinneofar an fhoráil seo a leanas lena léirítear an reachtaíocht atá ann cheana, tar éis na leasuithe ar an reachtaíocht fiú: Ní mór go dtiocfadh 100 % de na fíonchaora a úsáidtear sa táirgeadh ón limistéar lena mbaineann ainm Landwein agus níor cheart an méid siúcra iarmharaigh a bheith níos mó ná na luachanna uasta is incheadaithe le haghaidh fíon 'leath-thirim'. Léirítear na rialacha sin anois mar cheanglas arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC (comhlachas cosanta) agus gan iad a bheith léirithe mar cheanglas faoin dlí náisiúnta a thuilleadh. Luaitear 100 % go sainráite anois agus déantar tagairt don fhigiúr sin sa liosta ina sainaithnítear an limistéar críochaithe agus an liosta de chineálacha fíonchaor sa tsonraíocht táirge:

Maidir leis an bhfoclaíocht seo a leanas: 'Ní fhéadfar "Landwein der Saar" a dhéanamh ach as fíonchaora a thagann as fíonghoirt údaraithe agus ó chineálacha fíniúna údaraithe.'

cuirtear an méid seo a leanas ina hionad sin anois: 'Ní mór go dtiocfadh 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun "Landwein der Saar" a tháirgeadh ó na bardais nó aonaid chadastracha a liostaítear faoi phointe 4 agus ó na cineálacha fíonchaor a údaraítear faoi phointe 8.'

Maidir leis an riail i ndáil leis an méid siúcra iarmharaigh, athraíodh an focal 'Landwein' go 'Landwein der Saar'.

e) *Údaráis rialaithe*

Faoi phointe 11 den tsonraíocht táirge, athraíodh uimhir facs na n-údarás rialaithe. Thairis sin, ceartaíodh dleachtanna na n-údarás rialaithe mar go bhfuil freagracht as na húdaruithe nua um plandú aistrithe ó Chomhlachas Talmhaíochta Dhúiche na Réine agus na Palaitíneachta go dtí an Oifig Fheidearálach um Thalmhaíocht agus Bia.

f) *Eile*

Athruithe eagarthóireachta i gcomhréir le ceanglais an Aontais. Áirítear orthu sin na hathruithe eile lena léirítear an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair. Rinneadh amhlaidh trí thagairt a dhéanamh don reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair nó an sliocht ábhartha a scriosadh.

2. **An bonn cirt atá leis an leasú**

a) *Tuairisc ar an bhfíon/ar na táirgí fíniúna agus saintréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha a bhaineann leis/leo*

Liostaítear an neart alcóil nádúrtha íosta agus an meáchan úrfhíona nádúrtha íosta faoi phointe ar leithligh chun an tsonraíocht táirge a dhéanamh níos soiléire. Ós rud é go mbaintear an tábla comhshó níl bunús dlí ann a thuilleadh leis an tagairt don mheáchan úrfhíona nádúrtha íosta. Mar sin féin, ós rud é go n-oibríonn táirgeoirí i gcleachtas leis an Öchslegrade (scála an mheáchan úrfhíona), beidh sé sin sa tsonraíocht táirge fós. Beidh an tásc ar an íosmhéid nirt alcóil nádúrtha agus an meáchan úrfhíona nádúrtha íosta measctha da bhrí sin leis an bhfocal 'agus'. Léirítear go soiléir leis sin nach mór do tháirgeoirí cloí le luach an íosmhéid nirt alcóil nádúrtha agus le luach an íosmheáchan úrfhíona nádúrtha má tá siad chun 'Landwein der Saar' a mhargú. Chun míthuiscintí a sheachaint maidir le cuntasaíocht siléir, chinn an comhlachas cosanta abairt a chur isteach lena soiléirítear nach gá ach an meáchan úrfhíona íosta a thaifeadadh i dtaifid na fíonlainne.

Rinneadh na tuairiscí ar shaintréithe orgánaileipteacha níos caolchúisí chun na táirgí éagsúla a léiriú ar bhealach níos fearr.

b) *Críochú an limistéir*

Níl an leasú seo a bhaineann le críochú an limistéir aondeonach ach tá gá leis chun míbhuntáistí suntasacha don fhíonsaothrú agus talmhaíocht, don phobal i gcoitinne, don chomhshaol nádúrtha agus do thírdhreach saothraithe réigiún Saar, tírdhreach a forbraíodh thar am, a sheachaint.

Mínítear na cúiseanna atá le críochú an limistéir ar bhealach níos mionsonraithe thíos:

Ós rud é nach mbíonn na bearta cosanta plandaí a chuirtear chun feidhme comhoiriúnach i gcónaí le barra eile, tá gá le fíonghoirt dúnta chun críocha dearbhaithe cáilíochta.

Ní bhíonn na bearta cosanta plandaí is gá don fhíonsaothrú comhoiriúnach i gcónaí le riachtanais bharr eile. Ag cur fíonghort taobh le húsáidí talún eile (e.g. féarthalamh, feirmeoireacht arúil, saothrú torthaí nó glasraí), is minic a chruthaíonn sé sin fadhbanna is ceart a sheachaint a mhéid is féidir:

— Áit a mbíonn fíonghort níos iata agus níos lú pointí teagmhála ag talamh a úsáidtear le haghaidh fíonsaothrú agus úsáidí eile (feirmeoireacht arúil, torthaí a fhás, féarthalamh, etc.), bíonn níos lú éifeachtaí diúltacha ar shaothrú agus ar cháilíocht na bhfíonta ann. Tá sé sin mar gheall ar na riachtanais bainistíochta shonracha sa limistéar fíonsaothraithe, go háirithe i gcás cosanta plandaí. Déantar plandaí a chosaint ar neart de na fánaí fíonsaothraithe traidisiúnta trí bhíthin spraeáil ó héileacaptar, áit lena mbaineann riosca níos mó de shíobadh ann – ar son cúiseanna teicniúla agus fisiciúla – i gcomparáid lena chur ón talamh. Cuidíonn córas spraeála atá bunaithe ar gheoiméadracht i bhfoirm rianta fada díreacha taobh leis an bhfána le spraeáil éifeachtach ón héileacaptar. Bíonn limistéar fíonghoirt leanúnach de dhíth chuige sin.

Tá oibleagáid ar fheirmeoirí agus fíonsaothraithe táirgí cosanta plandaí a sheachaint ó leathadh chuig barra eile agus limistéir nach ndírítear iad orthu, lena n-áirítear ag cloí le ceanglais maidir le hachar. Dá bhrí sin, ní féidir fíniúnacha atá gar do theorainn fíonghoirt a spraeáil, rud a chuireann cosc ar shaothrú. Tá feidhm ag an srian céanna maidir le talamh arúil, féarthalamh agus talamh ar a bhfástar torthaí a roinneann teorainn le fíonghoirt. Dá bhrí sin bíonn caillteanais ó thaobh airgid de le haghaidh gach feirmeora i gcás fíonghoirt atá leagtha amach. Baineann an fhadhb sin go sonrach le suíomhanna ag a n-úsáidtear spraeáil ó héileacaptar, mar ní mór do héileacaptair cloí le ceanglais dhochta maidir le hachair mar gheall ar an riosca méadaithe a bhaineann le síobadh. Má bhogtar fíonghoirt ó limistéir den sórt sin, bíonn na hiar-fhíonghoirt ina limistéir nach bhfuiltear ag díriú orthu agus bheadh ceanglais maidir le hachar i bhfeidhm. Dá bhrí sin, bíonn na fíonghoirt atá fágtha faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch.

— Fiú má chuirtear na táirgí cosanta plandaí i gceart, d'fhéadfaidís gluaiseacht chuig dáileachtaí cóngaracha a bhfuil úsáidí éagsúla acu agus d'fhéadfadh sé sin damáiste nach bhfuil de dhíth a dhéanamh don fhásra i limistéir nach bhfuiltear ag díriú orthu nó cur isteach ar cháilíocht/indíoltacht táirgí mar gheall ar iarmhair áirithe a bheith ann. Is minic a bhíonn an-éagsúlacht sna táirgí cosanta plandaí a úsáidtear i bhfíonsaothrú, i bhfeirmeoireacht arúil agus i bhfás torthaí, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáid, údarú le haghaidh barra sonracha agus tréimhsí feithimh. Fiú má leantar dea-chleachtas gairmiúil, d'fhéadfaí go leathfadh táirgí chuig barra cóngaracha nach bhfuil na táirgí sin údaraithe ina leith mar gheall ar shíobadh. I gcásanna den sórt sin, d'fhéadfaí a fháil amach i staidéir iarmhair – ar bhonn anailís bheacht agus uasteorainneacha iarmhar ísle – nach bhfuil an táirge oiriúnach lena chur ar an margadh. Sa chleachtas, tarlaíonn cásanna den sórt sin go minic. Cé go bhféadfaí an truaillitheoir a chur faoi dhliteanas i leith damáiste den sórt in, is féidir le fíonsaothraithe fadhbanna den sórt sin a sheachaint trí fhíonghoirt iata a choinneáil chun ceantair fhorimeallacha a íoslaghdú.

An pobal i gcoitinne agus an comhshaol nádúrtha a chosaint trí bhainistíocht a dhéanamh ar fhánaí crochta

Sa lá atá inniu ann, bíonn príomhról ag fánaí crochta chun creimeadh agus rith chun srutha a chosc. Cuireann físonsaothrú ar léibhinn agus ballaí físonghort cosc ar uisce a ritheadh síos an cnoc mura raibh siad ann. Cobhsaíonn fíniúnacha agus cumhdach glas an ithir agus coinnítear iad ar bun trí obair leanúnach chun aire a thabhairt dóibh. Áirithítear trí bhainistíocht cheart ithreach go bhfuil struchtúr maith ag an ithir agus insíothlaíonn líon ard uisce isteach inti. Mar achoimre ar an méid sin, déantar creimeadh a íoslaghdú, agus uisce a mhaolú i gcás báisteach throm, agus cuirtear cosc ar rith cothaitheach chun srutha (fosfáit go príomha) isteach sa screamhuisce. Gan bainistíocht ghníomhach, rachadh na léibhinn agus na ballaí chun raice. Bheadh an ithir ina fásach agus chaillfeadh sí torthúlacht agus struchtúr. Bheadh creimeadh, rith ithreach agus cothaitheach chun srutha agus sciorradh talún i gcás báisteach throm mar iarmhairtí air sin, iarmhairtí a hcuirfeadh cónaitheoirí agus iompar i gcontúirt agus a bheadh ina gcúis le damáiste.

Ní féidir neart modhanna bainistíochta agus cosanta sa réimse físonsaothraithe a úsáid/níl siad éifeachtach ach amháin má úsáidtear iad i bhfíonghoirt chomhdhlúthaithe.

— Tá straitéisí cosanta plandaí a bhfuil tionchar íseal acu ag a bhfuil buntáistí cáilíochtúla, comhshaoil agus eacnamaíocha tábhachtach chun táirgeadh inbhuanaithe físonta ar ardchaighdeán a áirithiú.

— Maidir le roinnt modhanna a úsáidtear go forleathan atá ann le blianta, amhail úsáid fearamón chun leamhain fíniúna a chomhrac, ní oibríonn siad ach ar fhíonghoirt mhóra chomhdhlúthaithe amháin. Ní féidir an teicníc chur isteach cúplála seo a úsáid chun an lotnaid a chosc ó shíolrú lasmuigh agus eitilt isteach san fhíonghort ach amháin faoin leagan amach sin. Is é sin an t-aon bhealach chun an cleachtas costasach a bhaineann le dáileoirí a dhéshuí le chéile ag na himill (teorainneacha le barra eile, úsáidí eile nó fásra eile) a sheachaint freisin. Thairis sin, chuir Dúiche na Réine agus an Phalaitíneacht clár forbartha 'EULLE' (bearta comhshaoil, forbairt tuaithe, talmhaíocht agus bia) i bhfeidhm faoina soláthraítear tacaíocht maidir le cleachtais chosanta plandaí bhiteicniúla i réimse an fhíonsaothraithe le haghaidh limistéir leanúnacha físonghoirt atá 2 ha ar a laghad. Mar sin féin, má chumhdaíonn ceapacha níos lú ná 2 ha mar thoradh ar fhíonghoirt aonair atá á dtiontú chuig talamh arúil, níl na físonghoirt atá fágtha incháilithe a thuilleadh chun tacaíocht RAK a fháil, rud a chuireann feirmeoirí faoi mhíbhuntáiste airgeadais. Faoi láthair, níl cosaint plandaí bhiteicniúil inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de mura bhfaightear tacaíocht airgeadais. Is é an toradh a bhíonn air sin go dtagann méadú ar an úsáid feithidicídí, agus d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige sin ar an gcomhshaol nádúrtha.

— Tá gá le físonghoirt iata ó thaobh cúrsaí teicniúla agus eacnamaíocha de freisin chun na físonchaora aibí a chosaint ó damáiste beathaithe ag éin, mar is é an bealach sin an t-aon mhodh is féidir cosaint éifeachtach a áirithiú.

— Cuireann físonghoirt iata cosc freisin ar dhamáiste a dhéanann géim.

Tá gá leis an líon géim a theorannú ar son cúiseanna a bhaineann le físonsaothrú, mar ní dhéantar an damáiste a dhéanann ainmhithe den sórt sin d'fhíonghoirt a chúiteamh go huathoibríoch i nDúiche na Réine agus an Phalaitíneacht. Laghdaíonn físonghoirt iata an riosca a bhaineann le ráigeanna infhógartha d'fhiabhras Afracach na muc, fiabhras atá mar riosca suntasach d'fheirmeoireacht beostoic sa Ghearmáin. Tá sé níos éasca agus níl sé chomh costasach toirc allta a chomhrac i bhfíonghoirt iata i gcomparáid le limistéar a úsáidtear chun barra éagsúla a fhás (e.g. físonchaora, barra arúla agus torthaí), ina soláthraítear limistéir tearmainn agus foinsí bia.

— An cleachtas a bhaineann le sil-uisciú i bhfíonghoirt, a úsáidtear chun fíniúnacha a fhás go háirithe i bhfíonghoirt óga, tá sé ag éirí níos tábhachtaí, agus baineann buntáiste le físonghoirt iata i gcás an bhonneagair is gá (toibreacha, píobáin, etc.) a thógáil agus a oibriú. Tá foinsiú agus bailiú comhchoiteann uisce agus úsáid chomhchoiteann iompair agus línte dáilte níos éifeachtúla agus níos saoire i bhfíonghoirt den sórt sin.

— Tá na ceanglais bhainistíochta le haghaidh físonsaothrú éagsúil ó na ceanglais bhainistíochta le haghaidh feirmeoireacht arúil – go háirithe ar fhánaí crochta. Dá n-éireofaí as na limistéir sin a úsáid don fhíonsaothrú, tá baol ann go mbrúfadh scrobarnach isteach ar an talamh, ós rud é nach bhfuil siad beartaithe don fheirmeoireacht arúil ná lena n-úsáid mar fhéarthalamh. D'fhéadfadh plandaí óstaigh (e.g. plandaí sméar dubh) le haghaidh lotnaidí nach bhfuil de dhíth, amhail an chuileog fhínéagair shilín, tosú ag fás ar na limistéir neamhshaothraithe sin, dá bhrí sin ag bagairt sláinte agus cháilíocht na bhfíonchaor sna físonghoirt máguaird.

Is iad an tírdhreach saothraithe, a forbraíodh thar am, agus an radharc tíre nádúrtha, lena n-áirítear na físonghoirt thraidisiúnta, a mhúnlaíonn an íomhá de réigiún táirgeachta Landwein agus an cháil atá aige.

— Is saintréithe iad na limistéir d'fhíonghoirt leanúnacha a leanann cúrsa na habhann agus an topagrafaíocht nádúrtha ar feadh na haoiseanna, den radharc tíre nádúrtha agus dá bhrí sin sainíonn siad carachtar an réigiúin físona le haghaidh áitritheoirí an cheantair, daoine de thionscal físona an réigiúin, saineolaithe agus tomhaltóirí.

— D'athrófaí an radharc tíre nádúrtha dá n-úsáidfí an talamh le haghaidh feirmeoireacht arúil thraidisiúnta agus dá bhrí sin d'athrófaí an tírdhreach saothraithe a forbraíodh i gcaitheamh na gcéadta.

— Tá an tírdhreach saothraithe sin mar chúlra le haghaidh fógraíocht fíona agus mar áit a mbíonn an-tóir ag turasóirí air. Dá bhrí sin, soláthraíonn sé an bunús eacnamaíoch le haghaidh neart gnólachtaí a oibríonn san earnáil turasóireachta, amhail bialanna agus óstáin. Bheifí in ann an talamh a úsáid le haghaidh feirmeoireacht arúil mura ndéanfaí an limistéar a chríochú sa tsonraíocht táirge. Mar a luadh cheana féin thuas, chuirfeadh sé sin neart fíonghort i mbaol go mbrúfadh scrobarnach isteach orthu, ós rud é nach bhfuil siad oiriúnach le haghaidh aon úsáide eile seachas fíonsaothrú mar gheall ar a méid bheag, a saintréithe agus an iargúltacht is minic a bhaineann leo. Anuas ar na hiarmhairtí comhshaoil, bheadh iarmhairtí eacnamaíocha freisin dá mbrúfadh scrobarnach isteach, mar mheasfadh an chuid ba mhó de thurasóirí nach bhfuil tírdhreacha den sórt sin tarraingteach.

Mar gheall ar charachtar an réigiúin fíona, bíonn freagairt mhothúchánach dhearfach ag miondíoltóirí agus tomhaltóirí ar TGFC 'Landwein der Saar'. Tagann íomhánna den tírdhreach saothraithe seo chuig meonta na dtomhaltóirí nuair a cheannaíonn siad agus ólann siad fíonta na Sáire. B'fhéidir go bhfuil cuimhne ag roinnt díobh ar shaoire agus ar an tírdhreach álainn ann. Tá TGFC 'Landwein der Saar' eisceachtúil agus uathúil mar gheall air sin.

Is léir ó na cúiseanna a leagtar amach thuas go mbaineann neart buntáistí le fíonghoirt a shaothrú ar láithreán comhdhlúthaithe le haghaidh úinéirí agus oibreoirí fíonghort, chomh maith leis an gcomhshaol agus an pobal i gcoitinne. Dá bhrí sin, i bhfianaise na míbhuntáistí iomadúla a shonraítear thuas, níor cheart an sciar d'fhíonghoirt atá scaipthe thar láithreáin iomadúla a mhéadú, agus an sciar sin íseal cheana féin.

Dá bhrí sin, ní thabharfar sainmhíniú níos cúinge sa tsonraíocht táirge ná mar a cheadaítear leis an dlí ar an limistéar ina bhféadfar 'Landwein der Saar' a tháirgeadh.

c) *Cineálacha fíonchaor*

Ba cheart a áireamh sa liosta de na cineálacha fíonchaor na cineálacha uile a shaothraítear sa limistéar saothrúcháin atá aicmithe go dtí seo, toisc go bhfuil a luach sa limistéar cruthaithe ag na cineálacha sin cheana féin. Comhlíonann na fíonta a tháirgtear ó na cineálacha sin ceanglais na sonraíochta táirge.

Amach anseo, beidh na cineálacha fíonchaoire liostaithe faoi na ceannteidil 'cineálacha fíonchaor geal' agus 'cineálacha fíonchaor dearg' seachas 'fíonta geala' agus 'fíonta dearga agus rosé', ós rud é gurb é an liosta de chineálacha fíonchaoire sa tsonraíocht táirge, seachas an táirge deiridh, a chinneann cibé acu an féidir nó nach féidir cineálacha a shaothrú.

Scriosadh na comhchiallaigh, mar gurb ionann an liosta de chineálacha fíonchaoire sa tsonraíocht táirge, agus 'cead pleanála', seachas ceanglas lipéadaithe.

d) *Ceanglais eile arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC*

Ní áirítear sa reachtaíocht náisiúnta an riail maidir le 100 % ná an riail maidir leis an méid siúcra iarmharaigh a thuilleadh. Dá bhrí sin, léirítear iad sin mar cheanglais arna leagan síos ag eagraíocht a bhainistíonn an ATFC/TGFC (comhlachas cosanta). Maidir leis na leasuithe arna ndéanamh don téacs (e.g. chun an figiúir 100 % a lua go sainráite), déantar iad sin chun substaint na forála bunaidh a shoiléiriú. Ní raibh na leasuithe substainteach.

e) *Údaráis rialaithe*

Athraíodh an uimhir facs.

Tá an ceartú maidir le húdaruithe nua ann chun an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair a léiriú.

f) *Eile*

Rinneadh athruithe eagarthóireachta chun ceanglais an Aontais a chomhlíonadh.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Landwein der Saar

2. **Cineál táisc gheografaigh**

TGFC – Tásc geografach faoi chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

—

1. *Fíon, geal*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ag brath ar an gcineál fíonchaoire nó an comhdhéanamh i meascán cineálacha fíonchaor, is iondúil go mbíonn blasanna torthaíocha de thorthaí póma áitiúla, clochthorthaí agus torthaí citris ag baint le fíonta geala. D'fhéadfaí a chumhdach faoin réimse blasanna glasa, féarúla agus luibheanna, agus loirg bhláthacha, mil agus torthaí triomaithe i gcomhréir leis an gcineál fíonchaoire. Idir buí éadrom le himreacha glasa agus órbhuí a bhíonn sa réimse dathanna de ghnáth. Go sonrach, is féidir dath oráiste a bheith ar fhíonta geala brúchoipthe, in éineacht le himreacha cineál dearg agus donn. D'fhéadfadh moirtiúlacht nádúrtha chobhsaí a bheith sna fíonta geala nó moirtiúlacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail) nuair a chroitear iad. Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí háiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon. Is iondúil go mbíonn tathag éadrom nó measartha sna fíonta, chomh maith le haigéadacht agus milseacht a oireann don stíl. Ag brath ar stíl an fhíona, féadfar fíonta atá tainneach agus beagán aigéadach a fháil freisin.

Féadfaidh níos lú de shaintréith thipiciúil na gcineálacha agus carachtar nach bhfuil chomh torthaíoch céanna a bheith sa chumhracht. D'fhéadfadh blasanna ocsaídiúcháin d'aon ghnó, blasanna fionólacha nó réaduchtacha de dhéine fíneáilte go déine measartha.

Ní fhéadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 % tar éis saibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *Fíon, rosé; Blanc de Noir*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Táirgtear na fíonta rosé agus Blanc de Noir ó chineálacha fíonchaor dearg a fháisctear go séimh. Is iondúil go mbíonn dath éagsúil ar na fíonta rosé, ó dhath bándearg éadrom go bándearg go dearg geal dearg agus d'fhéadfadh imreacha donna a bheith iontu freisin, fad a bhíonn dath fíona ghil ar fhíonta Blanc de Noir. Mar gheall ar an gcosúlacht le táirgeadh fíona ghil, bíonn na blasanna torthaíocha caor agus torthaí citris an-láidir. Leis an aigéadacht, a bhíonn níos airde de ghnáth, na tainniní fíneáilte, leibhéil ísle alcóil agus milseacht iarmharach fíneálta, tá blas na bhfíonta rosé níos cosúla le fíonta geala. Is féidir réimse níos éagsúla de dhea-bholaithe agus de dhathanna a bheith ann nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí háiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon.

Ní fhéadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 % tar éis saibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

3. *Fíon, dearg*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ag brath ar an gcineál fíonchaoire nó an comhdhéanamh i meascán cineálacha fíonchaor, is iondúil go mbíonn cumhracht ina bhfuil blasanna torthaíocha de chlochthorthaí agus caora áitiúla go príomha, chomh maith le torthaí leasaithe agus triomaithe, ag baint le fíonta dearga. D'fhéadfadh loirg ghlasa agus spíosracha a bheith iontu freisin. Idir dearg éadrom agus dearg measartha láidir agus corcairghorm dorcha le himreacha láidre donna uaireanta a bhíonn sa réimse dathanna. D'fhéadfadh moirtiúlacht nádúrtha chobhsaí a bheith sna fíonta nó moirtiúlacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail) nuair a chroitear iad. Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí háiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon. Is iondúil go mbíonn idir tathag éadrom agus tathag lán sna fíonta agus is iondúil go mbíonn aigéadacht idir measartha agus suntasach mar shaintréith acu. Idir tainniní atá deacair le brath nó tainniní fíorláidre, lena bhféadfadh loirg ghlasa a bheith ag gabháil leo, a bhíonn sa réimse tainniní.

Ní fhéadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 12 % tar éis saibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

4. *Rotling*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ag brath ar an rogha maidir leis an gcineál fíniúna, bíonn dath dearg éadrom idir meathdhearg agus dearg láidir ar na fíonta Rotling den chuid is mó. Bíonn a gcuid dea-bholaithe sách torthaíoch de ghnáth, agus uaireanta bíonn siad píosa beag spíosrach. Ag brath ar an gcineál fíonchaoire a úsáidtear, d'fhéadfadh an tsaintréith torthaí a athrú. Bíonn blas atá idir mín agus saibhir acu go ginearálta chomh maith le struchtúr aigéid úir den chuid is mó. Is féidir réimse níos éagsúla de dhea-bholaithe agus de dhathanna a bheith ann nó, nuair a chroitear iad, modarthacht nádúrtha shuntasach (e.g. ó ghiosta coipthe, moirt úrfhíona nó tainnin agus dríodar criostail). Ní cheadaítear, áfach, modarthacht a chruthaítear go saorga trí háiseanna próiseála a chur leis an bhfíon nó mar thoradh ar fhabhtanna san fhíon.

Ní fhéadfaidh an neart alcóil nádúrtha a bheith níos mó ná neart alcóil iomlán de réir toirte de 11,5 % tar éis saibhriú.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1.

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

2.

Srianadh ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

3.

Cleachtais saothraithe

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir

150 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Maidir le táirgí a bhfuil sé ceadaithe an tásc geografach faoi chosaint 'Landwein der Saar' a bheith orthu, ní mór go dtiocfaidís ó fhíonghoirt chríochaithe a bhaineann leis na bardais agus ceantair bhardasacha seo a leanas: Ayl (Ayl (2740), Biebelhausen (2741)), Irsch (2711), Kanzem (2757), Kastel-Staadt (2713), Konz (Filzen (2770), Kommlingen (2773), Konz (2771), Könen (2769), Krettnach (2774), Niedermennig (2772), Oberemmel (2775)), Ockfen (2739), Pellingen (2776), Saarburg (2737), Schoden (2742), Serrig (2712), Wawern (Trier-Saarburg) (2758) agus Willtingen (2756).

Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar léarscáileanna thuasluaite ar a dtaispeántar na fíonghoirt sna bardais, agus iad críochaithe de réir na dáileachta. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Féadfar Landwein a tháirgeadh i limistéar seachas réigiún táirgeachta Landwein inar buanadh na fíonchaora agus a shonraítear sa lipéadú, ar choinníoll go bhfuil an limistéar táirgeachta lonnaithe sa stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Accent

Acolon

Adelfränkisch – Grüner Adelfränkisch

Albalonga

Alegrillo negro

Arinto

Arnsburger

Auxerrois – Auxerrois Blanc, Pinot Auxerrois

Bacchus

Baron

Blauer Affenthaler

Blauer Elbling – Willbacher

Blauer Frühburgunder – Pinot Noir Précoce, Pinot Madeleine, Madeleine Noir, Frühburgunder, Pinot Madelaine

Blauer Limberger – Lemberger, Blaufränkisch, Limberger

Blauer Portugieser

Blauer Spätburgunder

Blauer Trollinger – Trollinger, Vernatsch

Blauer Zweigelt – Zweigeltrebe, Rotburger, Zweigelt

Bolero

Bronner

Cabernet Blanc

Cabernet Bordo

Cabernet Cortis

Cabernet Cubin

Cabernet Dorio

Cabernet Dorsa

Cabernet Franc

Cabernet Jura

Cabernet Mitos

Cabernet Sauvignon

Cabertin

Calardis Blanc

Chardonnay

Chenin Blanc

Dakapo

Divico

Domina

Donauriesling

Dornfelder

Dunkelfelder

Ehrenbreitsteiner

Ehrenfelser

Faberrebe

Felicia

Fernao Pires

Fidelio

Findling

Gamay Noir

Gelber Kleinberger

Gelber Muskateller
Gelber Orleans – Orleans
Gm 4-46
Gm 6414-17
Gm 9224-2
Gm 9337-1
Gm 9620-5
Goldmuskateller – Muskateller
Goldriesling
Grenache Noir – Grenache
Grüner Silvaner – Silvaner, Sylvaner
Grüner Veltliner – Veltliner
Grünfränkisch
Gutenborner
Hartblau
Helios
Hibernal
Huxelrebe – Huxel
Johanniter
Juwel
Kerner
Kernling
Kleiner Frankischer Burgunder – Burgunder fränkisch Kleiner
Lagrein – Blauer Lagrein, Lagrain
Laurot
Merlot
Monarch
Morio Muskat
Muscaris
Muskat Ottonel – Muskat-Ottonel
Müller Thurgau – Rivaner
Müllerrebe – Schwarzriesling, Pinot Meunier
Nebbiolo
Optima 113 – Optima
Ortega
Palas
Pamina
Perle
Phoenix – Phönix
Pinot Nova
Pinotin
Piroso
Primitivo – Zinfandel, Blaucher Scheuchner
Prinzipal

Prior
Reberger
Regent
Regner
Reichensteiner
Rieslaner
Rinot
Rondo
Rosé Chardonnay – Chardonnay, Rosa Chardonnay, Chardonnay Rosé
Roter Elbling – Elbling Rouge
Roter Gutedel – Chasselas Rouge, Fendant Rouge
Roter Muskateller – Muskateller, Muscat, Moscato
Roter Müller-Thurgau
Roter Riesling
Roter Traminer – Clevner, Traminer
Roter Veltliner
Rubinet
Ruländer – Pinot Grigio, Grauburgunder, Grauer Burgunder, Pino Gris
Saint Laurent – St. Laurent, Sankt Laurent
Saphira
Satin Noir
Sauvignac
Sauvignon Blanc – Muskat Silvaner
Sauvignon Gris
Sauvitage
Savagnin Blanc – Weißer Traminer
Scheurebe
Schwarzer Elbling – Pinot Salomon
Schwarzer Urban
Schönburger
Siegerrebe
Solaris
Souvignier Gris
Syrah
Süßschwarz
Tempranillo
Thouriga nacional
VB 91-26-5
Veritage
Viognier
Weißer Burgunder – Pinot Bianco, Weißburgunder, Pinot Blanc
Weißer Elbling – Elbling, Kleinberger
Weißer Gutedel – Chasselas Blanc, Fendant Blanc, Fendant
Weißer Heunisch – Heunisch

Weißer Riesling – Riesling renano, Rheinriesling, Klingenberger, Riesling

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

Is infheidhme maidir leis na táirgí uile

Cumhdaítear dhá réigiún nádúrtha le réigiún táirgeachta Saar Landwein (Konz go Serrig) Tá formhór an limistéir fíonsaothrúcháin suite i réigiún nádúrtha Saartal Saarburger. Ar an taobh thoir, tá an réigiún seo buailte ar réigiún nádúrtha Irsch-Wiltinger Hunsrückrand, lena fánaí géara, a nascann ísealchríocha Ghleann na Sáire agus ardchláir Saar-Ruwer-Hunsrück. Faightear roinnt fíonghort in Irsch-Wiltinger Hunsrückrand fós. Taobh leis an tSáir, faightear na limistéir fíonsaothrúcháin ag airdí atá idir 135 m agus 380 m os cionn leibhéal na mara (is é 230 m os cionn leibhéal na mara an meán-airde). Nuair a chuirtear na fíonghoirt uile i réigiún táirgeachta Saar Landwein san áireamh, is é 23 % an meánfhána. Tá a n-aghaidheanna soir ó dheas, ó dheas siar ó dheas go príomha (thart ar 75 % díobh) agus, i dtéarmaí an limistéir fhíonsaothrúcháin ina iomláine, is é an meántreoshuíomh atá acu 200° (ó dheas siar ó dheas).

Tá réigiún táirgeachta Saar Landwein déanta as scláta Pailéasóch den chuid is mó. Ní fhaightear dríodar srutha ach ar urlár Ghleann na Sáire agus ar a léibhinn abhann, áit a fhorleagann sé ar an gcarraig Phailéasóch (Deavónach). Faightear carraig Mhéiseasóch ar an taobh is faide siar de réigiún táirgeachta Saar Landwein freisin. Mar sin féin, ní dhéantar ach fíorbheagán fíonsaothrúcháin ar an ngaineamhchloch Buntsandstein seo. Dá thoradh sin, tá mórgóir na bhfíniúnacha sa tSáir fréamhaithe in ithreacha ina bhfuil carraig foinse Dheavónach. Is ithreacha donna, idir neamhbhunmhar agus bunmhar go príomha, iad na hithreacha a d'fhorbair ar an scláta Deavónach.

Tá ithreacha snaíochair a athdháileadh ó ábhar ithreach Deavónach le fáil in áiteanna freisin. Ar an abhainn Phléisticéineach atá cumhdaithe go páirteach le cré agus dríodar léibhinn, d'fhorbair reigeasail, ithreacha paradhonna agus bréag-ghléirigh. Mar sin féin, ní fhaightear ach méid teoranta díobh sin i réigiún táirgeachta Saar Landwein. Tá ithreacha donna neamhbhunmhara Buntsandstein an-neamhchoitianta. Tá siad le fáil i gcion is lú ná 0,5 % de na fíonghoirt uile. D'ainneoin na claiseanna a treabhadh go domhain chun fíniúnacha a shaothrú, is minic is féidir na cineálacha ithreach nádúrtha a aithint fós.

Seasann Gleann na Sáire, agus na gleannta craobh-aibhneacha a bhaineann leis, amach mar limistéir ina bhfuil dálaí teirmeacha fabhracha i gcomparáid le hardtailte Hunsrück de bharr a suímh chosanta. Thart ar 9,5 °C a bhíonn i meánteocht na bhfíonghort ar fud an réigiúin táirgeachta Saar Landwein ar fad. Thart ar 14,0 °C a bhíonn sa mheánteocht le linn an tséasúir fáis. Faigheann na fíonghoirt i réigiún táirgeachta Saar Landwein 775 mm frasaíochta ar an meán. Ar an meán, titeann 480 mm den fhrasaíocht sin, i.e. 60 %, le linn an tséasúir fáis. Faigheann na fíniúnacha meán de 679 000 Wh/m^2 de sholas gréine le linn an tséasúir fáis.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór go dtiocfadh 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun Landwein der Saar a tháirgeadh ó na bardais nó aonaid chadastracha a liostaítear faoi phointe 4 den tsonraíocht táirge agus ó na cineálacha fíonchaor a údaraítear faoi phointe 8 den tsonraíocht táirge.

Ní fhéadfaidh cion iarmharach siúcra fíona arna mhargú mar 'Landwein der Saar' an t-uasluach incheadaithe a shárú don tásc 'leath-thirim'.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein